C/2024/2246

20.3.2024

Foilsiú iarratais ar leasú ar shonraíocht ainm in earnáil an fhíona, dá dtagraítear in Airteagal 105 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(C/2024/2246)

Lena fhoilsiú seo, tugtar an ceart chun cur i gcoinne an iarratais de bhun Airteagal 98 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [1] laistigh de 2 mhí ó dháta an fhoilsithe seo.

IARRATAS AR LEASÚ AR AN tSONRAÍOCHT TÁIRGE

'Côtes du Roussillon Villages'

PDO-FR-A0999-AM01

Dáta cur i bhfeidhm: 20 Aibreán 2018

1. **Na rialacha is infheidhme maidir leis an leasú**

Airteagal 105 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 - Leasú nach mion

2. **Tuairisc ar an leasú agus na cúiseanna leis**

2.1. *Limistéar dáileachta críochaithe*

Cuireadh an dáta 6 Meán Fómhair 2016 leis an tsonraíocht i gCaibidil I, Roinn IV, pointe 2(a). Is é is cuspóir don leasú seo an dáta a d'fhormheas an t-údarás náisiúnta inniúil modhnú ar an limistéar dáileachta críochaithe laistigh den limistéar geografach táirgeachta a chur leis. Déantar dáileachtaí a chríochú trí na dáileachtaí laistigh den limistéar geografach táirgeachta a shainaithint, ar dáileachtaí iad atá oiriúnach chun an t-ainmniúchán tionscnaimh cláraithe atá i gceist a tháirgeadh.

Ní dhéanann an leasú seo difear don doiciméad aonair.

2.2. *An t-ainmniúchán geografach forlíontach 'Les Aspres' a chur san áireamh*

Cuireadh an t-ainmniúchán geografach forlíontach 'Les Aspres' leis. Aistríodh an t-ainmniúchán ó ATFC 'Côtes du Roussillon' chuig ATFC 'Côtes du Roussillon Villages'. Is é an cuspóir na hainmniúcháin fhorlíontacha uile a thabhairt le chéile faoi ATFC 'Côtes du Roussillon Villages'.

Tá nithe curtha leis ag pointí éagsúla sa tsonraíocht agus sa doiciméad aonair.

Cuireadh an t-ainmniúchán 'Les Aspres' leis an tsonraíocht i gCaibidil I, Roinn II 'Ainmniúcháin gheografacha agus tásca forlíontacha'. Cuireadh tagairt don ainmniúchán leis faoi 'Coinníollacha breise – lipéadú' sa doiciméad aonair.

Sa tsonraíocht, Caibidil I, Roinn IV, 'Limistéar geografach agus réimsí ina dtugtar faoi na hoibríochtaí éagsúla': leathnaíodh limistéar geografach táirgeachta an ainmniúcháin chun na bardais a chumhdaítear leis an ainmniúchán forlíontach 'Les Aspres' a áireamh. Cuireadh an liosta de na bardais lena mbaineann leis ag pointe 1(a), 'Limistéar geografach'.

Tá na bardais seo a leanas in Pyrénées-Orientales bainteach: Bages go páirteach, Banyuls-dels-Aspres go páirteach, Brouilla go páirteach, Elne go páirteach, Fourques, Llupia go páirteach, Montauriol go páirteach, Ortaffa go páirteach, Passa, Ponteilla go páirteach, Saint-Jean-Lasseille, Sainte-Colombe-de-la-Commanderie go páirteach, Terrats, Thuir go páirteach, Tordères go páirteach, Tresserre go páirteach, Trouillas, Villemolaque go páirteach agus Vivès go páirteach.

Leagtar amach an roinn 'Nasc leis an limistéar geografach' den tsonraíocht sa doiciméad aonair. Tugtar tuairisc sa roinn sin ar shaintréithe speisialta limistéar geografach an ainmniúcháin, chomh maith le saintréithe speisialta na sonraíochta forlíontaí.

[1] IO L 347, 20.12.2013, lch. 671.

Aistríodh an t-ainmniúchán geografach forlíontach ‘Les Aspres’ ó ATFC ‘Côtes du Roussillon’ chuig ATFC ‘Côtes du Roussillon Villages’. Is é an cuspóir ná na hainmniúcháin gheografacha fhorlíontacha uile a thabhairt le chéile faoi ATFC ‘Côtes du Roussillon Villages’.

Ní éilítear le haistriú an ainmniúcháin gheografaigh ‘Les Aspres’ ón ainmniúchán ‘Côtes du Roussillon’ chuig ‘Côtes du Roussillon Villages’ aon leasú ar an nasc leis an limistéar geografach. Is amhlaidh atá toisc gur roghnaíodh na dáileachtaí a aistríodh go cúramach chun a áirithiú go gcomhlíonann siad critéir an ainmniúcháin ‘Côtes du Roussillon Villages’.

Leasaíodh an roinn maidir leis an ‘Limistéar geografach críochaithe’ den doiciméad aonair dá réir.

Cuireadh pointe (d) leis an tsonraíocht i gCaibidil I, Roinn IV, pointe 1, ‘Limistéar geografach agus réimsí ina dtugtar faoi na hoibríochtaí éagsúla’. Tá sé sin ann chun an limistéar táirgeachta a shainiú go sonrach don ainmniúchán ‘Les Aspres’.

Ní dhéanann an leasú sin difear don doiciméad aonair.

Leasaíodh sa tsonraíocht Caibidil I, Roinn IV, pointe 3, ‘Limistéar díreach in aice láimhe’. Áirítear ann anois an t-ainmniúchán forlíontach ‘Les Aspres’ toisc gur aistríodh an t-ainmniúchán sin ó ATFC ‘Côtes du Roussillon’ chuig ATFC ‘Côtes du Roussillon Villages’.

Soiléiríodh na rialacha maidir le húsáid tagairtí geografacha forlíontacha eile. Críochaíodh limistéar aonair chun fíonóireacht a chumhdach faoi na tagairtí forlíontacha uile (seachas ‘Les Aspres’). Cumhdaítear leis an limistéar nua seo na limistéir uile fíonóireachta a leagadh síos sa leagan roimhe seo den tsonraíocht. Leagtar amach na rialacha maidir le tagairtí forlíontacha agus lipéadú sa tsonraíocht agus níor tugadh arís iad sa doiciméad aonair, rud nach ndéantar difear dó leis an leasú seo.

Scriosadh an focal ‘forbairt’ ó Chaibidil I, Roinn IV den tsonraíocht do ATFC ‘Côtes du Roussillon Villages’. Scriosadh an focal sin ó Roinn 2.6 den doiciméad aonair freisin. Is athrú cléireachais é sin. Cumhdaítear leis an bpróiseas fíonóireachta céimeanna na fíonóireachta agus na haibíochta, agus áirítear agus sainmhínítear iad sin araon.

Cuirtear faisnéis maidir leis an ainmniúchán forlíontach ‘Les Aspres’ leis an tsonraíocht i gCaibidil I, Roinn X ‘Nasc leis an limistéar geografach’.

I Roinn X, pointe 2, ‘Faisnéis faoi cháilíocht agus saintréithe na dtáirgí’ agus pointe 3, ‘Idirghníomhaíochtaí cúisíocha’, cuirtear soiléirithe leis an ainmniúchán geografach forlíontach ‘Les Aspres’ chun tuairisc a thabhairt ar shaintréithe sonracha na dtáirgí atá nasctha leis an *terroir*.

Roinn 2: ‘Tá fíonta lena ngabhann an t-ainmniúchán geografach forlíontach “Les Aspres” oiriúnach don aosú agus ní mór iad a aibiú ar feadh 12 mhí ar a laghad. Is fíonta tathagacha móra iad atá aramatach agus is iad blasanna torthaí aibí agus spíosraí is láidre iontu.

Roinn 3: Tá ithreacha limistéar ‘Les Aspres’ ar doimhneacht agus uigeacht lenar féidir uisce leordhóthanach a sholáthar chun éifeachtaí na haeráide tirime a mhaolú. Leis an gcumasc de thrí chineál fíonchaor ar a laghad táirgtear fíonta atá fíorchothrom de struchtúr slán, úire agus tathag, atá an-oiriúnach don aosú fada.’

2.3. *Leathnú an limistéir díreach in aice láimhe*

- Leasaíodh sa tsonraíocht Caibidil I, Roinn IV, pointe 3, ‘Limistéar díreach in aice láimhe’ mar gheall ar aistriú an ainmniúcháin ‘Les Aspres’. Tá an limistéar a cheadaítear d’aibiú na bhfíonta níos leithne ná an limistéar le haghaidh fíonóireachta. Cumhdaítear leis an limistéar díreach in aice láimhe iomlán na roinne Pyrénées-Orientales, chomh maith leis na ranna máguaird, Gard, Hérault agus Aude, de réir chleachtas réigiún Languedoc-Roussillon.

Maidir leis an bhfocal: ‘forbairt’, baineadh as an sainmhíniú ar an limistéar díreach in aice láimhe (Caibidil I, Roinn IV den tsonraíocht). Is athrú cléireachais é sin.

Leasaíodh an roinn maidir le ‘Coinníollacha breise’ den doiciméad aonair dá réir.

2.4. *Rialacha maidir le cion na gcineálacha fíonchaor*

1) I Roinn V, 'Cineálacha fíonchaor', den tsonraíocht, cuireadh ró don ainmniúchán 'Les Aspres' leis an tábla ina leagtar amach na cineálacha fíonchaor do gach ainmniúchán forlíontach, agus leis an tábla ina leagtar amach na rialacha do chion na gcineálacha éagsúla atá le húsáid.

2) Cuireadh isteach eisceacht i ndáil leis na rialacha maidir le cion na gcineálacha fíonchaor do tháirgeoirí fíonchaor a bhfuil limistéir bheaga talún acu.

Ní raibh na rialacha maidir le cion na gcineálacha fíonchaor iomchuí d'oibríochtaí beaga den sórt sin, nach bhfuil ach cúpla dáileacht i gceist leo agus nach ndéanann a gcuid fíona féin.

Ní dhéanann an leasú sin difear don doiciméad aonair.

2.5. *Rialacha prúnála*

1) Cuireadh soiléiriú leis na rialacha ginearálta maidir le prúnáil fíniúnacha sa tsonraíocht ag Caibidil I, Roinn VI, 'Treorú fíniúnacha', agus déantar tagairt don ainmniúchán forlíontach 'Les Aspres': i gcás an ainmniúcháin sin, ní féidir an cineál fíonchaoire Syrah N a sciotadh ina Guyot singil. Is amhlaidh atá chun teorainn a chur leis an táirgeacht i limistéir ina bhfuil ithreacha doimhne.

Cuireadh an fhoráil seo leis an doiciméad aonair freisin, faoi 'Cleachtais fhíoneolaíocha'.

2) I gCaibidil I, Roinn VI den tsonraíocht, maolaíodh an riail maidir le hathnuachan dáileachtaí fíonghort a threoraítear le haghaidh cordon de Royat: is féidir anois dul thar an teorainn 10 % de phlandaí atá ann cheana. Is féidir maoluithe a dheonú i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos sa tsonraíocht.

Ní dhéanann an leasú sin difear don doiciméad aonair.

2.6. *Bearta idirthréimhseacha*

Cuireadh an fhoráil seo a leanas leis an tsonraíocht i gCaibidil I, Roinn XI, 'Bearta idirthréimhseacha': 'Ó bhuaint 2015 ar aghaidh, is féidir fíonta a dhéantar i gcomhréir le forálacha ATFC "Côtes du Roussillon" leis an ainmniúchán forlíontach "Les Aspres" a chur ar an margadh mar ATFC "Côtes du Roussillon Villages" leis an ainmniúchán forlíontach "Les Aspres"'.

Baineann an fhoráil sin le fíonta a tháirgtear i dtosach ar dháileachtaí faoin ainmniúchán 'Côtes du Roussillon Les Aspres' ar 'Côtes du Roussillon Villages Les Aspres' atá anois ann, agus ainmniú na bhfíonta sin nuair a chuirtear ar an margadh iad. Tá sé beartaithe go gcuirfear ar a gcumas do na hoibreoirí leis aistriú ó 'Côtes du Roussillon Les Aspres' chuig 'Côtes du Roussillon Villages Les Aspres' gan cur isteach ar an táirgeadh nó díolacháin, ar choinníoll go n-urramaítear coinníollacha táirgeachta 'Côtes du Roussillon Villages Les Aspres'.

Ní dhéanann na leasuithe sin ar an tsonraíocht difear don doiciméad aonair.

Cuireadh an fhoráil seo a leanas leis an tsonraíocht i gCaibidil I, Roinn XI 'Bearta idirthréimhseacha': 'Féadfaidh dáileachtaí a eisiatar ó limistéar dáileachta críochaithe an ainmniúcháin fhorlíontaigh "Les Aspres" leanúint orthu ag úsáid an ainm sin go dtí go ngrafar iad, faoi 2030 ar a dhéanaí.'

Tagraíonn sé sin do 35 dháileacht, nó codanna de dháileachtaí, lena léirítear 13,64 heicteár, nach gcomhlíonann na critéir do limistéar dáileachta críochaithe 'Côtes du Roussillon Villages Les Aspres' ach a bhain roimhe seo leis an ainmniúchán 'Côtes du Roussillon Les Aspres', idir tréimhsí buainte 2011 agus 2015. D'fhonn a ligean do na hoibreoirí atá bainteach an t-aistriú a dhéanamh gan cur isteach ar tháirgeadh, beidh na dáileachtaí sin táirgiúil fós, ag úsáid an ainmniúcháin 'Côtes du Roussillon Villages Les Aspres', go dtí buaint 2030.

Is mar a leanas atá an liosta de dháileachtaí:

Dáileachtaí críochaithe - ATFC Côtes du Roussillon Villages Les Aspres

Bearta idirthréimhseacha

BARDAS	CEANTAR	ROINN	UIMHIR	CINEÁL	ACHAR Ha
BANYULS-DELS-ASPRES	FUMASSOTTES	A	961	SYRAH	1,0640
CAMELAS	BELLEVISTE	B	104	GRENACHE N	0,5850
CAMELAS	POLITG	B	756	CARIGNAN N	0,2196
CANOHES	LAS CLOTTES	AT	18	GRENACHE N	0,2000
CASTELNOU	LE RIGAL	A	645	MOURVEDRE	0,0953
CASTELNOU	LE RIGAL	A	680	CARIGNAN N	0,0700
CASTELNOU	LE RIGAL	A	828	GRENACHE N	0,1005
FOURQUES	LAS COUMES	A	443	SYRAH	0,1900
FOURQUES	RIBE DE MATTE	A	671	CARIGNAN N	0,1700
FOURQUES	LA CUGULLADE	A	718	CARIGNAN N	0,5300
FOURQUES	OULIBEDE FOUSQUE	B	329	SYRAH	1,0000
MONTAURIOL	LA GARRIGUETTE	A	162	GRENACHE N	1,0000
MONTAURIOL	LAS PLANES	B	636	SYRAH	0,4502
PASSA	MAS D' EN LLAURO	A	523	CARIGNAN N	0,2700
PASSA	MAS D' EN LLAURO	A	535	SYRAH	1,0000
PASSA	MAS D' EN LLAURO	A	535	CARIGNAN N	0,2500
PASSA	MAS D' EN LLAURO	A	535	GRENACHE N	0,3000
PASSA	SERRE ST LUC	B	221	GRENACHE N	0,1700
PASSA	SERRE ST LUC	B	221	GRENACHE N	0,3000
PASSA	MAS D' EN BADIE	B	400	CARIGNAN N	0,5000
SAINTE-COLOMBE-DE-LA-COMMANDERIE	LE VIDRE	A	126	CARIGNAN N	0,3120
SAINTE-COLOMBE-DE-LA-COMMANDERIE	LE VIDRE	A	126	SYRAH	0,3510
SAINTE-COLOMBE-DE-LA-COMMANDERIE	POUX ROUDOUN	B	77	MOURVEDRE	0,1420

SAINTE-COLOMBE-DE-LA-COMMANDERIE	POUX ROUDOUN	B	78	MOURVEDRE	0,0660
TERRATS	LO BENTANA	A	508	CARIGNAN N	0,2850
TERRATS	LOS COUMAILS	B	22	MOURVEDRE	0,1130
TERRATS	LAS PLANES	B	320	MOURVEDRE	0,2815
TERRATS	LAS PLANES	B	320	MOURVEDRE	0,4735
TERRATS	CANTERRANE	B	717	GRENACHE N	0,4370
TERRATS	CANTERRANE	B	723	MOURVEDRE	0,3300
THUIR	L'ADOU	B	21	MOURVEDRE	0,7515
TROUILLAS	PLAS D'AMONT	A	59	MOURVEDRE	1,0800
TROUILLAS	ETANG BAS	B	1 169	GRENACHE N	0,2800
TROUILLAS	LA CREOUETTE	B	1 002	CARIGNAN N	0,2715
TROUILLAS	LA CREOUETTE	B	1 004	CARIGNAN N	0,0055
IOMLÁN				13,6441	

Ní dhéanann an leasú sin difear don doiciméad aonair.

2.7. *Dáta theacht i gcúrsaíocht na bhfíonta*

- Leasaíodh sa tsonraíocht Caibidil I, Roinn IX, pointe 5, 'Fíonóireacht, táirgeadh, aibiú, pacáistiú, stóráil' mar a leanas:

— Sonraíodh an dáta a chuirtear an fíon ar fáil do thomhaltóirí ar an margadh: an 15 Feabhra sa bhliain tar éis na buainte i gcás na bhfíonta uile seachas iad siúd lena ngabhann an t-ainmniúchán forlíontach 'Les Aspres' nó 'Tautavel'. Is féidir 'Tautavel' a chur ar an margadh ón 1 Deireadh Fómhair sa bhliain tar éis na buainte. Bunaítear na dátaí sin i gcomhréir leis na tréimhsí le haghaidh aibiúcháin a leagtar síos le haghaidh gach ainmniúchán geografach forlíontach.

Áirítear na leasuithe sin sa doiciméad aonair freisin, faoin gceannteideal 'Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha'.

— Rinneadh an dáta teacht i gcúrsaíocht idir trádstórais údaraithe a thabhairt siar chuig an 15 Nollaig i mbliain na buainte, in ionad an 1 Feabhra sa bhliain tar éis na buainte.

Tugadh siar dáta theacht i gcúrsaíocht na bhfíonta idir táirgeoirí agus trádálaithe ionas go bhféadfaí údarú d'fhíonóireacht agus aibiú a áireamh i gcomhaontuithe trádála sula gcuirtear an fíon ar fáil do thomhaltóirí ar an margadh.

Áirítear an leasú sin sa doiciméad aonair freisin, ag an bpointe maidir le 'Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha'.

2.8. *Dearbhú agus ceanglais maidir le coimeád taifead*

Leagtar amach na ceanglais sin i gCaibidil II den tsonraíocht. Ní dhéanann na leasuithe ar an gcaibidil seo difear don doiciméad aonair. Áirítear na forálacha sin sa phlean cigireachta. Leasaítear iad chun iad a chur i gcomhréir leis na nósanna imeachta cigireachta don tsonraíocht. Ní dhéanann siad difear don doiciméad aonair.

- Dearbhú ar shannadh na ndáileachtaí: sonraítear coinníollacha chun leanúnachas le himeacht ama a áirithiú i ndáil le leithdháileadh dáileachtaí. Cumhdaítear leis na dearbhuithe anois sonraí maidir leis an gcéatadán plandaí marbha nó plandaí ar iarraidh, cé acu atá nó nach bhfuil trealamh uisciúcháin ann, agus aon bheart idirthréimhseach.

- Dearbhú maidir le tarscaoileadh táirgthe: cuirtear na focail 'a luaithe is féidir' in ionad an fhocail: 'láithreach'.

- Dearbhú éilimh: cuireadh an sprioc-am maidir le cur isteach an dearbhaithe siar chuig an 31 Bealtaine sa bhliain tar éis na buainte. Ní mór ainm aon ainmniúcháin gheografaigh fhorlíontaigh a dhearbhú.

- Dearbhú maidir le hidirbhearta i mbulc: scriosadh na focail 'bunaithe sa phlean cigireachta'.

- Dearbhú éilimh: cuireadh achoimre mhíosúil nó, i gcás oibreoirí a dhéanann níos nó ná 12 oibríocht pacáistíochta in aghaidh na bliana, achoimre ráithiúil, in ionad an gnáthdhearbhú de 8 lá.

- Dearbhú maidir le haistarraingt: laghdaíodh an sprioc-am le haghaidh an dearbhú maidir le haistarraingt ó 15 lá go 8 lá.

- Dearbhú lena ndiúltaítear ainmniúchán geografach: laghdaíodh an sprioc-am don dearbhú ó 15 lá go 8 lá.

- Scriosadh an clár forálacha idirthréimhseacha.

- Is féidir liosta ina luaitear uimhir, ainm agus toirt na soithí a chur in ionad an phlean siléir.

f) Na príomhphointí atá le seiceáil: simplíodh an tábla i gCaibidil III den tsonraíocht. Ní dhéanann an leasú sin difear don doiciméad aonair.

Oiriúnaíodh an liosta príomhphointí atá le seiceáil chun é a dhéanamh níos éifeachtúla.

Maidir le rialacha struchtúracha:

— Is mian leis an gcomhlacht cosanta agus bainistíochta na seiceálacha ar chineálacha fíonchaor agus ar chéadtáirgeadh fíniúnacha óga a neartú. Ceist bhunúsach is ea an modh prúnála a áirítear anois sna bearta struchtúracha agus ní áirítear é sna rialacha maidir leis an timthriall táirgeachta.

I ndáil leis na rialacha maidir leis an timthriall táirgeachta:

— Baineadh cleachtais fhíoneolaíocha agus cóireálacha fíoneolaíocha ó na príomhphointí atá le seiceáil. Seiceáiltear iad i rith an timthrialla táirgeachta, agus mar chuid de na rialacha ginearálta.

Maidir le cur i láthair an táirge:

— Cumhdaítear an tseiceáil bhunaidh ar lipéadú leis na rialacha ginearálta agus ní éilítear léi seiceáil shonrach sa tsonraíocht. Aistarraingíodh é, dá bhrí sin, ó na príomhphointí atá le seiceáil.

Tá na pointí sin sa phlean cigireachta agus ní dhéanann siad difear don doiciméad aonair.

DOICIMÉAD AONAIR

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

Côtes du Roussillon Villages

2. **Cineál táisc gheografaigh**

ATFC – Ainmniúchán Tionscnaimh faoi Chosaint

3. **Catagóir na dtáirgí fíniúna**

1. Fíon

4. **Tuairisc ar an bhfíon (nó ar na fíonnta)**

1. *Saintréithe anailíseacha an táirge*

Tá feidhm ag an ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint 'Côtes du Roussillon Villages' go heisiach maidir le fíonta tirime dearga gan súilíní.

Is é 12,5 % an neart alcóil nádúrtha íosta de réir toirte atá sna fíonta.

Na fíonta atá réidh le cur ar an margadh i mbulc nó pacáistithe, tá cion aigéid mhalaigh is lú ná 0,4 gram in aghaidh an lítir iontu.

Na fíonta atá réidh le cur ar an margadh i mbulc nó pacáistithe, tá méid siúcra choipthigh (glúcós agus fruchtós) is lú ná 3 ghram in aghaidh an lítir iontu.

Baisceanna fíonta ag a bhfuil neart alcóil nádúrtha de réir toirte 14 % nó níos mó iontu, agus atá réidh le cur ar an margadh i mbulc nó pacáistithe, tá méid siúcra choipthigh (glúcós agus fruchtós) is lú ná 4 ghram in aghaidh an lítir iontu.

Tá na paraiméadair maidir le haigéadacht luaineach, aigéadacht iomlán, dé-ocsaíd sulfair iomlán, neart alcóil iomlán de réir toirte agus neart alcóil iarbhír íosta mar atá leagtha síos i rialacha an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte)	
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte)	
Aigéadacht iomlán íosta	
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	
Foriomlán uasta dé-ocsaíde sulfair (ina mhilleagraim in aghaidh an lítir):	

2. *Airíonna orgánaileipteacha na dtáirgí*

Is fíonta dearga tirime gan súilíní iad na fíonta. Bíonn dath dúdhearg orthu agus boladh bog de thorthaí dearga nó dubha orthu. Maidir leis an mblas, bíonn siad tathagach agus cumhachtach ar dtús agus tainniní mionchothromaithe agus iarbhlas fada aige, agus is minic a thugtar suntas do thorthaí dearga agus spíosraí.

D'fhéadfadh dea-bholaithe de thorthaí dubha agus spíosraí a bheith ag gabháil le fíonta a bhfuil an t-ainmniúchán geografach forlíontach 'Caramany' acu. Bíonn siad bog, úr agus saibhir. Baineann sé sin le maothú carbónach éigeantach na bhfíonchaor den chineál Carignan N mar chuid den phróiseas táirgthe, den chuid is mó.

Is iad blasanna den fhiántas agus spíosraí saintréithe na bhfíonta lena ngabhann an t-ainmniúchán geografach 'Latour-de-France'. Tá siad cothrom, cumhachtach agus lán de bhlas, agus tá siad an-oiriúnach don aosú.

Bíonn fíonta lena ngabhann an t-ainmniúchán geografach forlíontach 'Les Aspres' oiriúnach don aosú agus ní mór iad a aibiú ar feadh 12 mhí ar a laghad. Is fíonta tathagacha móra iad atá aramatach agus is iad blasanna torthaí aibí agus spíosraí is láidre iontu.

Bíonn fíonta lena ngabhann an t-ainmniúchán geografach forlíontach 'Lesquerde' lán de mhianraí agus úire, agus forbraítear iontu blasanna de thorthaí dearga agus piobar. Cumasctar fíonchaora Syrah N le Carignan N, agus déanann úsáid maothaithe charbónaigh éifeacht na dtainniní níos boige.

Bíonn fíonta lena ngabhann an t-ainmniúchán geografach forlíontach 'Tautavel' casta, fada agus gabhann blasanna de thorthaí dearga, garigue agus spíosraí leo. Mar gheall ar a gcuid tainniní cumhachtacha tá siad oiriúnach d'aibiú fada 12 mhí tar éis na buainte.

5. **Cleachtais fhíoneolaíocha**

a. *Cleachtais fíoneolaíocha fhíor-riachtanacha*

Ní mór do na cleachtais fhíoneolaíocha uile na ceanglais a leagtar síos i ndlí an Aontais agus sa Chód Tuaithe agus Iascaireachta Muirí a chomhlíonadh.

Déantar fíonta 'Côtes du Roussillon Villages', a ngabhann nó nach ngabhann an t-ainmniúchán geografach forlíontach 'Latour-de-France' leo, a aibiú go dtí an 31 Eanáir ar a laghad sa bhliain tar éis na buainte.

Maidir le fíonta 'Côtes du Roussillon Villages', a ngabhann nó nach ngabhann na hainmniúcháin fhorlíontacha 'Caramany' agus 'Lesquerde' leo, coiptear fíonchaora Carignan N ag úsáid maothú carbónach. Déantar na fíonta a aibiú go dtí an 31 Eanáir ar a laghad sa bhliain tar éis na buainte.

Déantar fíonta 'Côtes du Roussillon Villages', a ngabhann nó nach ngabhann na hainmniúcháin fhorlíontacha 'Les Aspres' agus 'Tautavel' leo, a aibiú go dtí an 15 Meán Fómhair ar a laghad sa bhliain tar éis na buainte.

Cuirtear na fíonta uile lena ngabhann ATFC 'Côtes du Roussillon Villages' ar fáil lena ndíol le tomhaltóirí ón 15 Feabhra sa bhliain tar éis na buainte, cé is moite de na fíonta lena ngabhann na hainmniúcháin fhorlíontacha 'Les Aspres' agus 'Tautavel'. Cuirtear iad sin ar fáil lena ndíol le tomhaltóirí ón 1 Deireadh Fómhair sa bhliain tar éis na buainte.

Ní fhéadann fíonta lena ngabhann ATFC 'Côtes du Roussillon Villages', a ngabhann nó nach ngabhann ainmniúchán forlíontach leo, dul i gcúrsaíocht idir trádstórais údaraithe roimh an 15 Nollaig i mbliain na buainte.

An modh saothraithe

Is é 4 000 planda in aghaidh an heicteáir dlús plandála íosta na bhfíniúnacha. Níor cheart an spásáil idir na sraitheanna fíniúnacha a bheith níos mó ná 2.50 m. An t-achar atá ar fáil le haghaidh gach planda, is éigean nach mbeadh sé níos mó ná 2.5 méadar cearnach. Déantar an t-achar sin a ríomh tríd an fad idir rónna agus an fad idir fíniúnacha sa tsraith chéanna a iolrú.

I gcás fíniúnacha a chuirtear ina gcearnóga nó ina bpatrún céimnithe, níor cheart an t-achar atá ar fáil le haghaidh gach planda a bheith níos mó ná 3 mhéadar cearnach. Déantar an t-achar sin a ríomh tríd an fad idir rónna agus an fad idir fíniúnacha sa tsraith chéanna a iolrú.

Ní mór don spásáil idir na rónna agus don spásáil idir na plandaí sa ró céanna a bheith níos lú ná 1.70 méadar nó cothrom leis.

Ar choinníoll go n-urramaítear an dlús plandaithe, ceadaítear scaradh plandaí is mó ná 2,50 méadar idir na rónna d'fhíniúnacha a chuirtear mar shíneadh ar phlandáil atá ann cheana.

Déantar na fíniúnacha a phrúnáil agus prúnáil spoir in úsáid, agus uasmhéid de 7 spor in aghaidh an phlanda i gceist. Bíonn 2 bhachlóg ar a mhéad ar gach spor.

Ní fhéadfaidh níos mó ná 10 % de na plandaí atá ann cheana a bheith i gceist leis an athnuachan ar dháileacht fíonghoirt a threoraítear le haghaidh cordon de Royat in aghaidh na bliana.

Féadfar prúnáil Guyot shingil a úsáid le haghaidh na bhfíonchaor Syrah N, agus 8 mbachlóg ar a mhéad in aghaidh an phlanda, lena n-áirítear 6 cinn acu ar a mhéad ar an ngas, chomh maith le 1 spor amháin ar a bhfuil 2 bhachlóg ar a mhéad. Níl feidhm ag an bhforáil sin maidir leis an ainmniúchán geografach forlíontach 'Les Aspres'.

Féadfar uisciú a údarú.

b. *Uastáirgeacht*

54 heictilítear in aghaidh an heicteáir

6. **Limistéar geografach críochaithe**

Déantar buaint, fíonóireacht agus aibiú na bhfíonchaor sa limistéar geografach táirgeachta, a d'fhormheas an Institiúid Náisiúnta um Thionscnamh agus Cáilíocht (INAO) ag cruinniú den Bhuanchoiste an 10 Iúil 2014 ar thoscaireacht ón gcoiste náisiúnta inniúil. Cuimsítear leis an limistéar críoch na mbardas seo a leanas i roinn Pyrénées-Orientales ar bhonn an Chóid Gheografaigh Oifigiúil an 1 Eanáir 2023:

Ansignan, Bages go páirteach, Baho, Baixas, Banyuls-dels-Aspres go páirteach, Bélesta, Brouilla go páirteach, Calce, Caramany, Cases-de-Pène, Cassagnes, Corneilla-la-Rivière, Elne go páirteach, Espira-de-l'Agly, Estagel, Fourques, Lansac, Latour-de-France, Lesquerde, Llupia go páirteach, Maury, Millas (an chuid den limistéar ó thuaidh de Têt amháin), Montalba-le-Château, Montauriol go páirteach, Montner, Opoul-Périllos, Ortaffa go páirteach, Passa, Perpignan (an chuid den limistéar ó thuaidh de Têt amháin), Peyrestortes, Pézilla-la-Rivière, Planèzes, Ponteilla go páirteach, Rasiguères, Rivesaltes, Saint-Arnac, Saint-Estève, Saint-Jean-Lasseille, Sainte-Colombe-de-la-Commanderie go páirteach, Saint-Paul-de-Fenouillet, Salses-le-Chateau, Tautavel, Terrats, Thuir go páirteach, Tordères go páirteach, Tresserre go páirteach, Trouillas, Villemolaque go páirteach, Villeneuve-la-Rivière, Vingrau agus Vivès.

7. **Príomhchineál fíniúna (príomhchineálacha fíniúna)**

Carignan N

Grenache N

Lledoner pelut N

Mourvèdre N – Monastrell

Syrah N – Shiraz

8. **Tuairisc ar an nasc (nó ar na naisc)**

8.1. *Tuairisc ar na tosca nádúrtha is ábhartha don nasc*

I roinn Pyrénées-Orientales, tá an limistéar geografach críochaithe go nádúrtha ag teorainneacha arna bhfoirmiú mar a leanas:

— masaíf Corbières ó thuaidh, an teorainn riaracháin le roinn Aude;

— abhainn Tech agus bunchnoic na bPiréiní ó dheas;

— fánaí arda Fenouillèdes agus Caniglou ar an taobh thiar;

— agus limistéir Salanque timpeall na lochanna, Salses-le-Château agus Canet-en-Roussillon agus an Mheánmhuir ar an taobh thoir.

Ar an dá thaobh de Têt, an abhainn is mó i mbunchnoic na sléibhte, foirmítear an limistéar geografach timpeall líonraí aibhneacha nasctha.

Ar an mbruach clé, téann Abhainn Agly ag lúbarnaíl tríd an limistéar geografach, lena gcruthaítear scornacha géara in Fenouillèdes. Téann Agly isteach i ndobharcheantar Estagel ansin, áit a dtéann a dhá chraobh-abhainn freisin, ar minic iad a bheith tirim. Is iad Maury, a thrasnaíonn limistéar geografach an ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint den ainm céanna, agus Verdouble, a théann soir ó thuaidh/siar ó dheas ó Tautavel, an dá abhainn bheaga sin. As sin, atosaíonn Agly a bealach trí bhunchnoic aolchloiche Corbières sula mbaineann sí amach léibhinn Rivesaltes agus an fharraige.

Ar an mbruach deas, leathnaíonn an limistéar geografach thar dhobharcheantair Réart agus a chraobh-aibhneacha: Canterrane, Galserane agus aibhneacha eile. Tá an molás claochlaithe ag na haibhneacha ina thírdhreach cnoc i staideanna éagsúla a gcreimthe, lena ngearrtar ailteanna atá le fána soir.

Leis na fánaí, cnoic, ailteanna, gleannta agus léibhinn spréite, ar minic iad a bheith géar, déantar limistéar geografach atá tiomnaithe d'fhíonghoirt go heisiach nach mór. Is tírdhreach tuaithe fíonsaothrúcháin é, ina bhfuil sráidbhailte agus eastáit fíonsaothrúcháin nach bhfuil forbairt uirbeach déanta orthu.

Cumhdaítear leis an gcríoch 51 bhardas nó codanna de bhardais lena gcuimsítear limistéar geografach an ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint.

Léirítear na réanna geolaíocha uile ó ardú na coda is gaire de na Piréiní, lena léirítear ithreacha atá an-éagsúil laistigh de limistéar srianta. Foirmítear na hithreacha de thoradh dhíghrádú na buncharraige, nó cruthaítear iad le gluaiseachtaí agus deascadh locha agus muirí. Is gnách go bhfuil na fíonghoirt ar limistéir mhóra ithreach arna bhfoirmiú ag siosta donn asamhlaithe, siosta dubh, cré aolchloiche, naghas, gaineamh eibhreach agus léibhinn eibhreacha, agus ithreacha arna bhfoirmiú as molás clochach agus gairbhéalach. Ciallaíonn an éagsúlacht sin go dtáirgtear fíonta ag a bhfuil a gcuid saintréithe féin i ngach limistéar geografach.

Mar sin féin, sna dáileachtaí atá críochaithe go sonrach chun fíonchaora a tháirgeadh don ainmniúchán, tá saintréithe áirithe i gcoiteann ag na hithreacha: níl mórán ábhar orgánach iontu, tá siad tirim, clochach agus dea-dhraenáilte.

Aeráid na Meánmhara atá ann agus bíonn an samhradh te agus an geimhreadh séimh. Bíonn níos mó ná 2 500 uair an chloig gréine ann. Bíonn an bháisteach bhliantúil idir 450 agus 650 milliméadar. Is minic a bhíonn sé stoirmiúil, agus bíonn caillteanais shuntasacha ann de thoradh rith chun srutha dá bharr sin. Idir 15 °C in aice na farraige agus 13 °C i dtreo an iarthair a bhíonn an meánteocht, de bharr na hairde a chuireann le húire níos mó.

Mar sin féin, is í an tsaintréith is suntasaí maidir le haeráid Roussillon minicíocht (lá amháin as 3 lá) Tramontane, gaoth aniar aduaidh a bhíonn láidir go minic agus an-fhuar sa gheimhreadh tar éis bheanna na bPiréiní a thrasnú. Bristear craobhacha dá barr san earrach, cuireann sé le triomach an tsamhraidh, ach íonaíonn sí an t-atmaisféar, rud a fhágann nach ndéantar mórán cóireálacha fíniúnacha. Tagann taise agus báisteach leis an leoithne farraige is annaimhe.

Sa suíomh Meánmhara seo tá na fíonghoirt ar fud na háite, idir garrigue agus scrobarnach, i dtírdhreach suaite, ar minic é a bheith mianrach, d'áilleacht fhiáin.

8.2. *Tuairisc ar na tosca daonna is ábhartha maidir leis an nasc geografach*

Faigheann Roussillon a ainm ón gcathair Ibéir-Liogúrach Ruscino, a bhí faoi bhláth ón séú céad BC. Nochtadh an limistéar do shaothrú fíniúnacha le teacht mhuintir Phocaea chuig an gcósta creagach, timpeall 600 BC. Thaispeáin siad ceird na prúnála fíniúnacha agus táirgeadh fíona do mhuintir na háite. Bhí na fíonta ba luaithe a rinneadh san aeráid the ghaofar sin an-alcólach agus oiriúnach don iompar.

Sa chúige inarbh é Narbonne an phríomhchathair, lenar bhain Roussillon faoi cheannas na Rómhánach, bhí na fíniúnacha ar na fánaí, in éineacht le crainn ológ, agus fágadh an talamh réidh do bheostoc agus bairr.

Ó shin i leith tá an fíonsaothrú ina ghné bhuan de thalmhaíocht an réigiúin sin. Tar éis do na Viseagotaigh iad a neartú, scrios mathshluaite barbaracha na fíonghoirt ach athshlánaíodh iad sa naoú céad a bhuí le Mainistreacha Beinidicteacha. Sa deichiú céad, taifeadtar i ndoiciméid iomadúla go raibh fíonghoirt ann chomh fada le Fenouillèdes, an chuid is faide siar den limistéar geografach.

I dtús báire, is ó na fíonta milse nádúrtha a fuair an réigiún a chlú.

Le teacht an iarnróid, leathnaíodh fíonghoirt go mór agus, an rud is tábhachtaí, tosaíodh ag táirgeadh fíonta tirime ar ardchaighdeán iontu.

I mí Eanáir 1952, tugadh aitheantas do 'Corbières du Roussillon' mar 'appellation d'origine vin délimité de qualité supérieure' [fíonta ar ardchaighdeán ag a bhfuil ainmniúchán tionscnaimh], do na fíonta a táirgeadh ar an taobh ó thuaidh den Abhainn Têt go sonrach. An tráth céanna, tugadh aitheantas do 'Corbières supérieures du Roussillon' le 'appellation d'origine vin délimité de qualité supérieure' do 40 bardas ina raibh 'na *terroirs* is fearr' (J. Fanet - *Les vins du Roussillon* – 1980).

In 1977, tugadh 'appellations d'origine vin délimité de qualité supérieure' le chéile faoin ainm 'Côtes du Roussillon'. Leis an leasú sin, aithníodh críochú geografach sonrach an limistéir stairiúil 'Corbières supérieure du Roussillon' faoin ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint 'Côtes du Roussillon Villages'.

Bhí an-cháil ar dhá bhardas as a gcuid fíonta an tráth úd, fíonta a díoladh trí cheannaithe fíonta iomráiteacha, agus ceadaíodh dóibh an t-ainmniúchán forlíontach 'Caramany' agus 'Latour-de-France' a úsáid. D'fhéadfaí na hainmniúcháin fhorlíontacha sin a chur leis an ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint 'Côtes du Roussillon Villages'.

Ina dhiaidh sin, tar éis an phirimid lena léirítear an t-ordlathas táirgeachta a chur san áireamh go hiomlán, cruthaíodh tuilleadh ainmniúchán geografach forlíontach, bunaithe ar aithint na limistéar sainaitheanta ag a bhfuil dálaí ithreach agus aeráide comhchoiteanna. Is iad sin:

— in 1995, 'Lesquerde', arb iad limistéir arda ithreacha gainmheacha eibhreacha is saintréith dó;

— 1997, 'Tautavel' i ngleann Verdouble, arb iad limistéir ithreacha cré-aolchloiche is saintréith dó;

— 2017, 'Les Aspres', atá suite ar ithreacha moláis clochacha agus gairbhéalacha.

8.3. *Idirghníomhaíochtaí cúisíocha*

In Roussillon comhcheanglaítear traidisiún ársa fíonsaothrúcháin leis an saineolas atá ag an bpobal atá ag iarraidh sainiúlachtaí uathúla a fhorbairt le haghaidh na bhfíonta laistigh d'fho-limistéir gheografacha. Is é an comhcheangal sin as ar tháinig fíonghoirt 'Côtes du Roussillon', 'Côtes du Roussillon Villages' agus 'Côtes du Roussillon Villages' ag a bhfuil ainmniúchán geografach forlíontach.

Déantar na fíonta lena ngabhann an t-ainmniúchán 'Côtes du Roussillon Villages' as fíonchaora a fhástar ar dháileachtaí a roghnaítear go cúramach sa limistéar dáileachta críochaithe. Roghnaítear na cineálacha fíonchaor toisc a n-oiriúnaithe do na háite ina bhfuil siad curtha. Leis na fíonta sin tairgtear éagsúlacht léirithe a thagann as idirghníomhaíocht tosca daonna nádúrtha agus áitiúla, lena nochtar saibhreas agus úrnuacht na bhfíonta a tháirgtear.

Tá na dálaí nádúrtha fabhrach: aeráid shéimh thirim na Meánmhara, uaireanta fada an chloig gréine, báisteach íseal agus éifeacht íonúcháin Tramontane ar shláinte na bhfíonchaor. Cuireann na dálaí sin le táirgeadh fíonchaor ardcháilíochta ag a bhfuil an aibíocht is fearr.

Is iad Grenache N, Mourvèdre N agus Carignan N na cineálacha fíonchaor traidisiúnta. Tá siad oiriúnaithe go maith do na hithreacha dona agus don aeráid thirim ghaofar, go háirithe trí chleachtas na prúnála spoir. Is oidhreacht na bhfíonghort ársa í an phrúnáil spoir, a bhí plandaithe i rónna gan treilís, lenar cumasaíodh dóibh an ghaoth agus triomach a sheasamh. Is minic a bhíonn fíniúnacha Syrah N ar threilís toisc go bhfuil an cineál íogair i ndáil leis an ngaoth. Cuirtear é in áiteanna ina bhfuil ithreacha fuara doimhne.

Is é comhcheangal na dtosca éagsúla sin saintréith an *terroir* a úsáidtear chun Côtes du Roussillon Villages a tháirgeadh. Is é an toradh atá air sin fíonta dearga a bhfuil clú orthu mar gheall ar an dath láidir atá orthu agus an saibhreas aramatach a bhaineann leo, lena nasctar blasanna torthaí aibí dearga nó dubha le spíosraí, agus a gcuid tainniní comhdhlúite.

Laistigh de limistéar geografach an ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint 'Côtes du Roussillon Villages' tá éagsúlacht sna timpeallachtaí nádúrtha agus na táirgí a thagann astu sin. Is ríléir an éagsúlacht sin sna cúig ainmniúchán gheografacha fhorlíontacha, bunaithe ar dháileachtaí arna gcríoch go sonrach do bhuaint fíonchaor le haghaidh gach ainmniúcháin.

Tá ithreacha naghais ag 'Caramany' ina bhfuil úire a chabhraíonn le fíneáltacht aramatach chineál Syrah N a léiriú. San áit sin, cuirtear chun cinn acmhainneacht aramatach Carignan N le maothú carbónach, lena ligtear do struchtúir na bhfíonta dul i mboige.

Tá fo-limistéar geografach 'Latour-de-France' suite ag asraon Agly, agus tá na dáileachtaí i gcomúin agus ceantair atá sainaitheanta go soiléir. Tá ithreacha teo ann, lena ligtear do chineál Grenache N a mhéin Meánmhara a léiriú. Tá fíniúnacha Carignan N an-oiriúnaithe d'fhánaí an-ghrianmhara, fad a bhaineann spíosraí aramatacha le fíonchaora Syrah N, a chuirtear in ithreacha fuara, sna fíonta tathagacha, agus baineann acmhainneacht aosúcháin iontach leo.

Tá ithreacha limistéar 'Les Aspres' ar doimhneacht agus uigeacht lenar féidir uisce leordhóthanach a sholáthar chun éifeachtaí na haeráide an-tirime a mhaolú. Leis an gcumasc de thrí chineál fíonchaor ar a laghad táirgtear fíonta atá fíorchothrom de struchtúr slán, úire agus tathag, atá an-oiriúnach don aosú fada.

In 'Lesquerde' tá ithreacha dona de ghaineamh eibhreach, atá suite ar airde, ina n-aibíonn na cineálacha Syrah N agus Grenache N go mall agus ina léirítear mianraí na n-ithreacha aigéadacha sin. Le Carignan N, arna choipeadh le maothú carbónach, tugtar beocht do na fíonta, rud atá soiléir agus iad óg.

Tá 'Tautavel' suite i gcroílár an ghleanna ag a bhfuil an t-ainm céanna. Tá ithreacha cré-aolchloch ann, áit ina léiríonn fíonchaora Grenache N, a chuirtear in ithreacha tanaí ar fhánaí clochacha tura, teas agus cumhacht. Baintear cothromaíocht amach le haibiú roinnt míonna, i ndair go minic. Faigheann na cineálacha Syrah N agus Mourvèdre N an úire a theastaíonn dá léiriú iomlán sa ghleann. San áit sin, faigheann Carignan N na dálaí ithreach agus aeráide atá an-fhabhrach do léiriú a acmhainneachta.

I gcríoch ina bhfuil rilífí suntasacha go minic, is cuid iad na fíniúnacha de thírdhreach Meánmhara ina bhfuil scrobarnach, díthreabh agus carraig ag a bhfuil oidhreacht shaibhir chultúrtha agus stairiúil.

Níl forbairt uirbeach, ar saintréith den limistéar cósta agus den mhá í, déanta ar na sráidbhailte. Is mar gheall air sin is féidir na fíonghoirt, a úsáideann fíonsaothraithe príobháideacha iomadúla, atá i ngrúpaí i bhfíonlanna comharchumainn nuachóirithe, a chaomhnú.

Chuidigh an comhar sin le clú 'Côtes du Roussillon Villages' a fhorbairt agus le cur chun cinn na n-ainmniúchán éagsúil.

Cruthaíodh aitheantas fhine fhíonta 'Côtes du Roussillon' le saineolas na dtáirgeoirí, arna fháil ó ghlúin go glúin, agus éagsúlacht na n-ithreacha agus na haeráide sa limistéar críochaithe beacht atá ar fáil dóibh. Mar gheall ar an limistéar sin, bhíothas in ann an t-ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint 'Côtes du Roussillon Villages' a chruthú, d'fhíonta dearga amháin. D'fhéadfadh ainmniúchán geografach forlíontach teacht i ndiaidh an ainmniúcháin nó d'fhéadfaí é a fhágáil gan é.

Taispeántar leis an saibhreas éagsúlachta sin nasc stairiúil na dtáirgeoirí lena gcuid talún, agus a gcuid dinimicis i ndáil le cur chun cinn na dtáirgí a thagann as an talamh sin.

9. **Coinníollacha fíor-riachtanacha breise**

Creat dlíthiúil:

Reachtaíocht náisiúnta

An cineál coinníll bhreise:

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Is féidir na hainmniúcháin gheografacha fhorlíontacha 'Caramany', 'Latour-de-France', 'Les Aspres', 'Lesquerde' agus 'Tautavel' a chur i ndiaidh ATFC 'Côtes du Roussillon Villages', i gcomhréir leis na forálacha a leagtar síos sa tsonraíocht.

Marcáiltear na téarmaí roghnacha uile ar na lipéid i litreacha nach ceadmhach iad a bheith níos mó, ar airde nó ar leithead, ná dhá oiread mhéid na litreacha lena gcruthaítear ainm an ainmniúcháin tionscnaimh chláraithe.

Nuair a úsáidtear é ar an lipéadú agus san fhógraíocht do na fíonta, ní ceadmhach d'ainm an ainmniúcháin gheografaigh fhorlíontaigh a bheith ann i litreacha ar mó iad, ar airde nó ar leithead, ná na litreacha a úsáidtear d'ainm an ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint.

Ní mór a shonrú ar lipéid na bhfíonta a bhfuil an t-ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint seo acu an t-aonad geografach níos leithne 'Grand Vin du Roussillon'.

Ó thaobh airde ná leithead de, níor cheart gur mhó méid na litreacha a úsáidtear don aonad geografach níos leithne seo ná dhá thrian de mhéid na litreacha san ainm ar an ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint.

Creat dlíthiúil

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál an choinníll bhreise

Maolú maidir le táirgeadh sa limistéar geografach críochaithe

Leis an limistéar díreach in aice láimhe, a shainaithnítear le maolú i ndáil le fíonóireacht fíonta ag a bhfuil an t-ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint 'Côtes du Roussillon Villages', cuimsítear críoch na mbardas a liostaítear thíos i roinn Pyrénées-Orientales, bunaithe ar Chód Geografach Oifigiúil an 1 Eanáir 2023, lena n-eisiatar codanna de na bardais a liostaítear i Roinn IV, pointe 1(a), a bhfuil codanna díobh laistigh den limistéar geografach.

Alenya, Amélie-les-Bains-Palalda, Arboussols, Argelès-sur-Mer, Bages, Banyuls-dels-Aspres, Bompas, Bouleternère, Le Boulou, Brouilla, Cabestany, Caixas, Camélas, Canet-en-Roussillon, Canohès, Castelnou, Caudiès-de-Fenouillèdes, Céret, Claira, Les Cluses, Collioure, Corbère, Corbère-les-Cabanes, Corneilla-del-Vercol, Elne, Espira-de-Conflent, Estoher, Feilluns, Finestret, Fosse, Ille-sur-Têt, Joch, Laroque-des-Albères, Latour-Bas-Elne, Llauro, Llupia, Marquixanes, Maureillas-las-Illas, Millas, Montauriol, Montescot, Montesquieu-des-Albères, Néfiach, Oms, Ortaffa, Palau-del-Vidre, Perpignan, Pézilla-de-Conflent, Pia, Pollestres, Ponteilla, Prats-de-Sournia, Prugnanes, Reynès, Rigarda, Rodès, Saint-André, Saint-Cyprien, Sainte-Colombe-de-la-Commanderie, Sainte-Marie-la-Mer Saint-Féliu-d'Amont, Saint-Féliu-d'Avall, Saint-Génis-des-Fontaines, Saint-Hippolyte, Saint-Jean-Pla-de-Corts, Saint-Laurent-de-la-Salanque, Saint-Martin-de-Fenouillet, Saint-Michel-de-Llotes, Saint-Nazaire, Saleilles, Le Soler, Sorède, Sournia, Taillet, Tarerach, Théza, Thuir, Tordères, Torreilles, Toulouges, Tresserre, Trévillach, Trilla, Villelongue-de-la-Salanque, Villelongue-dels-Monts, Villemolaque, Villeneuve-de-la-Raho, Vinça, Vivès agus Le Vivier.

Creat dlíthiúil

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál an choinníll bhreise

Maolú maidir le táirgeadh sa limistéar geografach críochaithe

Cuimsítear leis an limistéar díreach in aice láimhe, a shainítear le maolú i ndáil le fíonta a aibiú, críoch na mbardas a liostaítear thuas, a bhaineann leis an limistéar díreach in aice leis an limistéir atá críochaithe chun fíonta a dhéanamh lena ngabhann an t-ainmniúchán, chomh maith leis na bardais thíos bunaithe ar Chód Geografach Oifigiúil an 1 Eanáir 2023:

Roinn L'Aude: Aigues-Vives, Ajac, Albas, Alet-les-Bains, Alzonne, Antugnac, Aragon, Argeliers, Argens-Minervois, Armissan, Arquettes-en-Val, Azille, Badens, Bages, Bagnoles, Barbaira, Bizanet, Bize-Minervois, Blomac, Bouilhonnac, Bouriège, Boutenac, Cabrespine, Campagne-sur-Aude, Camplong-d'Aude, Canet, Capendu, Cascastel-des-Corbières, Cassaignes, Castelnau-d'Aude, Castelreng, Caunes-Minervois, Caunettes-en-Val, Caves, Cépie, Comigne, Conilhac-Corbières, Conques-sur-Orbiel, Couiza, Cournanel, Coustaussa, Coustouge, Cruscades, Cucugnan, Davejean, Dernacueillette, La Digne-d'Amont, La Digne-d'Aval, Douzens, Duilhac-sous-Peyrepertuse, Durban-Corbières, Embres-et-Castelmaure, Escales, Espéraza, Fabrezan, Felines-Termenès, Ferrals-les-Corbières, Festes-et-Saint-André, Feuilla, Fitou, Fleury, Floure, Fontcouverte, Fontiès-d'Aude, Fontjoncouse, Fournes-Cabardès, Fraisse-Cabardès, Fraissé-des-Corbières, Gaja-et-Villedieu, Gardie, Ginestas, Gruissan, Homps, Les Ilhes, Jonquières, Labastide-en-Val, Ladern-sur-Lauquet, Lagrasse, Laroque-de-Fa, Lastours, Laure-Minervois, Leucate, Lézignan-Corbières, Limousis, Limoux, Loupia, Luc-sur-Aude, Luc-sur-Orbieu, Magrie, Mailhac, Maisons, Malras, Malves-en-Minervois, Marseillette, Mayronnes, Mirepeisset, Montazels, Montbrun-des-Corbières, Montgaillard, Montirat, Montolieu, Montredon-des-

Corbières, Montséret, Monze, Moussoulens, Moux, Narbonne, Névian, Ornaisons, Padern, Palairac, La Palme, Paraza, Pauligne, Paziols, Pennautier, Pépieux, Peyriac-de-Mer, Peyriac-Minervois, Peyrolles, Pezens, Pieusse, Pomas, Portel-des-Corbières, Port-la-Nouvelle, Pouzols-Minervois, Puichéric, Quintillan, La Redorte, Ribaute, Rieux-en-Val, Rieux-Minervois, Roquecourbe-Minervois, Roquefort-des-Corbières, Roquetaillade-et-Conilhac, Rouffiac-d'Aude, Roubia, Rouffiac-des-Corbières, Rustiques, Saint-André-de-Roquelongue, Saint-Couat-d'Aude, Saint-Couat-du-Razès, Sainte-Eulalie, Sainte-Valière, Saint-Frichoux, Saint-Hilaire, Saint-Jean-de-Barrou, Saint-Laurent-de-la-Cabrerisse, Saint-Nazaire-d'Aude, Saint-Pierre-des-Champs, Saint-Polycarpe, Sainte-Valière, Sallèles-Cabardès, Salles-d'Aude, Salsigne, La Serpent, Serres, Serviès-en-Val, Sigean, Talairan, Taurize, Termes, Thézan-des-Corbières, Tournissan, Tourouzelle, Tourreilles, Trassanel, Trausse, Trèbes, Treilles, Tuchan, Val-de-Dagne, Val-du-Faby (an chuid a chomhfhreagraíonn do chríoch bhardas tarmligthe Fa), Ventenac-Cabardès, Ventenac-en-Minervois, Vignevieille, Villalier, Villanière, Villardonnel, Villar-en-Val, Villar-Saint-Anselme, Villarzel-Cabardès, Villebazy, Villedubert, Villegailhenc, Villegly, Villelongue-d'Aude, Villemoustaussou, Villeneuve-les-Corbières, Villeneuve-Minervois, Villerouge-Termenès, Villesèque-des-Corbières, Villetritouls agus Vinassan;

Roinn Le Gard: Aspères, Aujargues, Brouzet-lès-Quissac, La Cadière-et-Cambo, Calvisson, Cannes-et-Clairan, Carnas, Combas, Conqueyrac, Corconne, Crespian, Fontanès, Gailhan, Junas, Langlade, Lecques, Liouc, Montmirat, Montpezat, Moulézan, Nages-et-Solorgues, Nîmes, Orthoux-Sérignac-Quilhan, Saint-Clément, Saint-Hippolyte-du-Fort, Saint-Mamert-du-Gard, Salinelles, Sardan, Sommières, Souvignargues, Vic-le-Fesq agus Villevieille;

Roinn Pyrénées-Orientales: Banyuls-sur-Mer, Cerbère agus Port-Vendres;

Roinn L'Hérault: Adissan, Agel, Aigne, Aigues-Vives, Alignan-du-Vent, Aniane, Arboras, Argelliers, Aspiran, Assas, Assignan, Aumelas, Autignac, Azillanet, Babeau-Bouldoux, Bassan, Beaufort, Beaulieu, Berlou, Béziers, Boisseron, Le Bosc, Boujan-sur-Libron, Brignac, Brissac, Cabrerolles, Cabrières, Campagne, Canet, Cassagnoles, Castelnau-le-Lez, Castries, La Caunette, Causse-de-la-Selle, Causses-et-Veyran, Caussiniojouls, Caux, Cazedarnes, Cazevieille, Cazouls-lès-Béziers, Cébazan, Cessenon-sur-Orb, Cesseras, Ceyras, Claret, Clermont-l'Hérault, Combaillaux, Corneilhan, Cournonsec, Cournonterral, Creissan, Cruzy, Entre-Vignes, Faugères, Félines-Minervois, Ferrières-Poussarou, Fontanès, Fontès, Fos, Fouzilhon, Fozières, Gabian, Garrigues, Gignac, Guzargues, Jonquières, Juvignac, Lacoste, Lagamas, Laurens, Lauret, Lauroux, Lavalette, Lavérune, Liausson, Lieuran-Cabrières, La Livinière, Lodève, Lunel, Lunel-Viel, Magalas, Margon, Les Matelles, Mauguio, Mérifons, Minerve, Montagnac, Montarnaud, Montbazin, Montblanc, Montesquieu, Montouliers, Montoulieu, Montpellier, Montpeyroux, Moulès-et-Baucels, Mourèze, Murles, Murviel-lès-Béziers, Murviel-lès-Montpellier, Nébian, Neffiès, Nézignan-l'Evêque, Nissan-lez-Enserune, Nizas, Octon, Olmet-et-Villecun, Olonzac, Oupia, Paulhan, Pégairolles-de-Buèges, Pégairolles-de-l'Escalette, Péret, Pézenas, Pierrerue, Pignan, Plaissan, Poujols, Poussan, Pouzolles, Prades-le-Lez, Prades-sur-Vernazobre, Le Puech, Puéchabon, Puisserguier, Quarante, Restinclières, Roquebrun, Roquessels, Roujan, Saint-André-de-Buèges, Saint-André-de-Sangonis, Saint-Aunès, Saint-Bauzille-de-la-Sylve, Saint-Bauzille-de-Montmel, Saint-Chinian, Saint-Clément-de-Rivière, Saint-Drézéry, Sainte-Croix-de-Quintillargues, Saint-Félix-de-Lodez, Saint-Gély-du-Fesc, Saint-Geniès-des-Mourgues, Saint-Georges-d'Orques, Saint-Guiraud, Saint-Jean-de-Buèges, Saint-Jean-de-Cuculles, Saint-Jean-de-Fos, Saint-Jean-de-la-Blaquière, Saint-Jean-de-Minervois, Saint-Mathieu-de-Tréviers, Saint-Nazaire-de-Ladarez, Saint-Pargoire, Saint-Pons-de-Mauchiens, Saint-Privat, Saint-Saturnin-de-Lucian, Saint-Sériès, Saint-Thibéry, Saint-Vincent-de-Barbeyrargues, Saturargues, Sauteyrargues, Sauvian, Sérignan, Servian, Siran, Soubès, Soumont, Sussargues, Le Triadou, Usclas-du-Bosc, Vacquières, Vailhan, Vailhauquès, Valflaunès, Valmascle, Vendémian, Vendres, Vieussan, Villeneuve-lès-Maguelone, Villeneuvette, Villespassans agus Villeveyrac.

Nasc chuig an tsonraíocht táirge

https://info.agriculture.gouv.fr/gedei/site/bo-agri/document_administratif-cf71b94d-3d97-44c4-a6f1-89ed875b3c9c